Téama 1

Adhradh & Comóradh

ARCHAEOLOGY
time in transition

ITS ABOUT TIME 2

Comhshaol, Oidhreacht agus Rialtas Áitiúil
Environment, Heritage and Local Government

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Limerick Education Centre

LIMERICK
EDUCATION
CENTRE

Comhshaol, Oidhreacht agus Rialtas Áitiúil
Environment, Heritage and Local Government

An Chomhairle um Oideachas
Gaeltachta & Gaelscolaíochta

© 2009 An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta & Rialtais Áitiúil, Ionad Oideachais Luimnigh agus An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta.

Leathanach

Aonad 1: Adhradh

Ceacht 1: An Fáinne Draíochta - Bileog Eolais 3

Ceacht 2b: Ionaid Adhartha Chríostaí – Bileoga Faisnéise 7

Aonad 2: Manachas

Ceacht 1: Manaigh, Mainistreacha & Manachas - Bileoga Oibre 11

Ceacht 2: An Mhainistir Chistéirseach - Bileoga Eolais 17

Aonad 3: Oilithreacht

Ceacht 1: Turas Adhartha - Bileog Faisnéise & Bileog Eolais 21

Ceacht 2: Ó Thuaim go Santiago - Bileog Oibre & Bileog Eolais 25

Aonad 4: Comóradh agus Cuimhneacháin

Ceacht 1: Ócáid Chomórtha - Bileoga Oibre & Bileog Eolais 29

Ceacht 2: Nósanna Adhlactha le 10,000 bliain anuas - Bileog Eolais 35

Aonad 1

Adhradh

Ceacht 1

An Fáinne Draíochta

ARCHAEOLOGY
time in transition

ITS ABOUT TIME 2



Lonnaíocht Chré-umhaoise

An Chré-umhaois in Éirinn

- Is í seo an tréimhse ó 2,000 B.C. go 500 B.C.
- Bhí eolas ag na daoine in Éirinn ar mhiotalóireacht faoin am seo.
- Chóimhiotalaigh siad copar agus stán chun cré-umha a dhéanamh.
- Bhí i bhfad níos mó foraoiseacha in Éirinn ag an am sin ná mar atá anois.
- Bhí formhór na ndaoine ina gcónaí i bpobail fheirmeoireachta, pobail a bhí scaipthe ar fud na tíre.
- Thóg muintir na Cré-umhaoise ciorcail liag. Bhí feidhm dheasghnátha ag na ciorcail seo.

An Ciorcal Liag ag an Drom Beag

Ciorcail liag

Tógadh ciorcail liag i rith na Cré-umhaoise.

- Bíonn cruth chiorclach orthu. Bíonn roinnt acu beag, roinnt eile mór. Ní bhíonn an líon céanna cloch iontu uile.
- Tá 240 ciorcal liag in Éirinn. Roinntear iad in dhá phríomhghrúpa – Iarthar Chorcaí/ Deisceart Chiarraí agus Ulaidh Láir. Tá grúpaí beaga eile díobh i gCo. Luimnigh, Co. Chill Mhantáin, Co. na Gaillimhe agus Co. Mhaigh Eo.

Ciorcal Liag

Tá 110 ciorcal liag sa ghrúpa in Iarthar Chorcaí/ Deisceart Chiarraí. Baineann an patrún céanna leo ar fad.

- Bíonn na clocha ar fad sa chiorcal, seachas ceann amháin, caol ingearach.
- Bíonn cloch amháin ar a taobh ar an taobh thiar theas den chiorcal. Tugtar an t-ainm Cloch Aiseach ar an gcloch seo. Bíonn barr maol uirthi go hiondúil.
- Os comhair na cloiche aisí amach, bíonn an dá chloch is airde. Tugtar na Clocha Ursanacha orthu.
- Bíonn corruimhir cloch sa chiorcal.

Bíonn na ciorcail liag sa ghrúpa in Ulaidh Láir níos mó, ó thaobh trastomhais de, de ghnáth. Bíonn na clocha chomh mór céanna le chéile, m.sh., tá 64 cloch (tá ceann amháin in easnamh) ag Ciorcal Liag na Bealtaine i gCo. Dhún na nGall agus iad ar fad ar an tomhas céanna, nach mór. Tá maisiúchán snoite ar leac mhór ar an taobh thiar theas den chiorcal. B'fhéidir go bhfuil sé treoshuite ar éirí na gréine ar an 6ú Bealtaine. Tógadh an ciorcal sa Chré-umhaois agus bhí sé in úsáid san Iarannaois freisin.

Is ciorcal liag eisceachtúil é **Liagchiorcal na Gráinsí** i gCo. Luimnigh. Tá trastomhas 45.7 m ann. Tá 113 cloch chomhtheagmhála ann (is aolchloch iad a bhformhór) agus múr leathan cré taobh amuigh de. Tá an bealach isteach ar an taobh thoir thuaidh; ós comhair na hoscailte, tá péire cloch mhór de ghaineamhchloch chomhcheirtleáin. Tugtar an t-ainm 'Crom Dubh' ar chloch mhór ar an taobh ó thuaidh den chiorcal. Ba dhia miotaseolaíoch é Crom Dubh a raibh baint aige leis an talmhaíocht. Tagann daoine anseo gach bliain ar Dhomhnach Chrom Dubh (Garland Sunday - deireadh mhí Iúil / tús mhí Lúnasa) chun ofrálacha a fhágáil do Chrom Dubh.

Tá ciorcail liag áirithe treoshuite ar ócáidí réalteolaíocha suntasacha, m.sh., tá an ciorcal liag ag an Drom Beag in iarthar Chorcaí treoshuite ar luí na gréine ag grianstad an gheimhridh. Tugann cruth agus leagan amach na gciorcal seo le tuiscint dúinn gurbh áiteanna adharthaí iad na háiteanna seo.

Aonad **1**

Adhradh

Ceacht **2b**

Ionaid Adhartha Chríostaí

ARCHAEOLOGY
time in transition

ITS ABOUT TIME 2

Séipéil/Eaglaisí in Éirinn ó 800 A.D. ar aghaidh

Déan an bhileog seo a fhótachóipeáil ar leathanach A3.

400 AD | 500AD | 600 AD | 700 AD | 800 AD | 900 AD | 1000 AD | 1100 AD | 1200 AD | 1300 AD | 1400 AD | 1500 AD | 1600 AD | 1700 AD | 1800 AD | 1900 AD | 2000 AD

An stíl Ghaelach

Cur síos
- Struchtúr beag adhmaid
- Dronuilleogach
- Cuaille adhmaid ag na ceithre chúinne
- Mullach starrach ag cinn an dín
- Barrghréas ornáideach ar bharr chinn an dín
- Slinnte adhmaid mar dhíon
- Na reiligiúnaigh amháin taobh istigh; an pobal lasmuigh

Samplaí
Ní mhaireann aon sampla

Foinsí eile
Tochailt seandálaíochta; barr ardchroise; léaráidí i Leabhar Cheanannais

Séipéal cloiche sa stíl Ghaelach

Cur síos
- Struchtúir bheaga chloiche a rinne aithris ar shéipéil adhmaid
- Gnéithe ailtireachta aithrise - cinn starracha ar na ballaí agus mullach ar an mbinn
- Séipéil adhmaid
- Dronuilleogach
- Cuaille adhmaid ag na ceithre chúinne
- Mullach starrach ag cinn an dín
- Barrghréas ornáideach ar bharr chinn an dín
- Doras agus fardoras air - aithris ar dhoras adhmaid
- Na reiligiúnaigh amháin taobh istigh; an pobal lasmuigh

Samplaí
Maireann thart ar 80 ceann m.sh. ar Chruach na Cara (Oileán Mhic Dara) i gCo. na Gaillimhe; Teampall Bheanáin ar Inis Mór

An stíl Rómhánúil



Cur síos
- Áirse chruinn ar fhuinneoga agus ar dhoirse
- Maisiúchán snoite - cloch, gaineamhchloch
- Maisiúchán casta ar áirsí: geoiméadrach; duilleoga / ainmhithe; maisiúchán ar cholúin / ar mhullaigh cholún ag taobh na ndoirse
- Leagan amach: corp agus saingeal croschruthacha
- Corp curtha leis, chun spás a chruthú don phobal
- Tionchar na Fraince agus Shasana le feiceáil

Samplaí
Maireann thart ar 200 ceann m.sh. Teampall na gCailleach ag Cluain Mhic Nóis; Móin na hInse i dTiobraid Árann; Séipéal Chormaic

An stíl Ghotach



Cur síos
- Forbraíodh an stíl seo ar an Mór-Roinn toisc go raibh éileamh ar shéipéil a bhí níos mó agus níos airde
- Úsáideadh aolchloch in ionad gaineamhchloiche mar phríomhábhar tógála
- Úsáideadh áirse rinneach chun ballaí a bhí níos airde agus níos caoile a thógáil
- Thug tacaí tacaíocht do bhallaí arda
- Leagan amach: corp agus saingeal croschruthacha
- Tionchar na Normannach agus Shasana le feiceáil
- Níos mó spáis ar bhallaí d'fhuinneoga; tóir ar fhuinneoga dhaite

Samplaí
Maireann thart ar 100 ceann m.sh. Eaglais Choláisteach Mhuire, Eochaill; Ard-Eaglais Chríost, Baile Átha Cliath

Séipéil pharóiste ón 15ú / 16ú haois



Cur síos
- Doras an an taobh ó dheas mar bhealach isteach ag teach an tsagairt (uaireanta, ba thúr é teach an tsagairt)
- Gnéithe simplí Gotacha, go háirithe áirse chíme ar fhuinneoga; cruth rinneach ar dhoirse
- A bhformhór dronuilleogach; corp & saingeal i roinnt acu
- Tréigeadh formhór na séipéal seo sa 17ú céad; athchóiríodh roinnt acu mar shéipéil pharóiste Anglacánacha

Samplaí
An-chuid samplaí ar fud na hÉireann; is fothrach in aice le seanreilig iad a bhformhór

Eaglais ón 18ú / 19ú haois



Cur síos
- Tógadh iad ar láithreáin nua; uaireanta bhronn an tiarna talún áitiúil an talamh orthu
- Simplí ó thaobh dearaidh agus ábhar
- Tógálaí áitiúil / stíl dhúchasach
- Cruth-T nó cruth dronuilleogach orthu –thugtaí 'eaglaisí scioból' orthu
- Tógadh iad in áit eaglaisí simplí ceanntuí
- Ní raibh siad treoshuite thoir-thiar i gcónaí
- Cloglann ar an mbinn
- Má tá reilig in aice leis an eaglais, baineann sí leis an tréimhse chéanna

Samplaí
An-chuid samplaí ar fud na hÉireann

Eaglais de chuid Eaglais na hÉireann, 19ú haois

Cur síos
- Corp agus saingeal
- Treoshuite thoir-thiar; altóir thoir
- Clogás thiar
- Tógtha de spallaí cloiche; cloch ghearrtha mar mhaisiú
- Gnéithe Gotacha fós in úsáid: tacaí, oscailtí rinneacha, stuaiceanna, forbhallaí agus múnláil sileáin
- Tógadh iad go hiondúil ar sheanláthair eaglaise; uaireanta, ceannaíodh suíomh den scoth i mbailte nua

Samplaí
An-chuid samplaí ar fud na hÉireann

Séipéal ón 19ú haois dhéanach

Cur síos
- Foirgnimh mhaorga déanta de chloch ghearrtha; suíomhanna nua go minic
- Stíl Nua-Ghotach: fuinneoga rinneacha, stuaiceanna, tacaí, taobhranna, croslanna
- Deartha go foirmiúil; faoi thionchar na hailtireachta Gotaí, go háirithe Augustus Pugin, ailtire Sasanach
- Ceardaíocht den scoth le feiceáil iontu: snoíodóireacht cloiche, suíocháin, altóir, gloine dhaite

Samplaí
An-chuid samplaí ar fud na hÉireann

Séipéil/Eaglaisí roimh 1700: **www.archaeology.ie** Church

Séipéil/Eaglaisí tar éis 1700: **www.buildingsofireland.ie**: church/chapel/cathedral



An t-almóir Mar an gcéanna le taibearnacal an lae inniu.

An altóir Bíonn an altóir díreach i gcoinne balla thoir an tsaingil agus díreach faoin bhfuinneog mhór thoir.

Céim na haltóra Roinneann an chéim an limistéar ina mbíonn an sagart i rith an Aifrinn ón gcuid eile den saingeal.

An Cór Shuigh na manaigh nó an cór anseo sna stallaí cóir.

Corp na heaglaise Sheas an pobal anseo ag ceann thiar na heaglaise.

An fhuinneog mhór thoir Bíonn an fhuinneog is mó san eaglais díreach os cionn na haltóra.

Piscina Téann an t-uisce a úsáideann an sagart chun an chailís agus araile a ní amach tríd an draein seo.

Reredos Scáthlán snoite adhmaid a bhí díreach taobh thiar den altóir.

An saingeal Ceann thoir na heaglaise.

Sedilia Suíonn na ceiliúraithe (sagart agus beirt dheagánach) ar an suíochán cloiche seo atá suite sa bhalla.

Na taobhshéipéil Bhí altóirí eile sna taobhshéipéil.

An tuama Ba é balla thuaidh an tsaingil an áit adhlactha ab urramaí in eaglais mheánaoiseach.

Aonad **2**

Manachas

Ceacht **1**

Manaigh, Mainistreacha & Manachas

ARCHAEOLOGY
time in transition

ITS ABOUT TIME 2

Freagair na ceisteanna seo a leanas

Cá bhfuil cónaí ar Phádraig? _____

Cé a spreag é chun an cineál saoil seo a roghnú? _____

Cad é an chéad phost a bhí aige? _____

Cé leis a bhfuil sé ina chónaí? _____

Éiríonn sé ar 5.15 a.m. – cén fáth? _____

Cén riail a leanann sé? _____

Cé dó a bhfuil sé umhal? _____

An itheann sé a chuid béilí ina aonar? _____

Cén sórt éide a chaitheann sé? _____

An bhfuil sealúchas dá chuid féin ag Pádraig? _____

An bhfuil Padraig pósta? _____

An féidir le cuairteoirí fanacht le Pádraig? _____

An gceapann tú go bhfuil saol Phádraig (cuir ciorcal thart ar an bhfreagra is cuí, dar leat)

suimiúil *scanrúil* *spraíúil* *crua* *leamh* *gan chuspóir* *fiúntach*

Moltar leathanach A3 a úsáid don cheacht seo

Ar scala óna 1 go dtí a 5, cuir na rialacha seo in ord deacrachta.
1 = an riail is éasca, 5 = an riail is déine.

Sliocht as Riail San Beinidict – Rogha as Caibidil IV *Uirlisí na Dea-oibre*

(12) Gan pléisiúir a shantú.	1	2	3	4	5
(13) Grá a bheith agat don troscadh.	1	2	3	4	5
(20) Tú féin a choimeád siar ó bhealaí an tsaoil.	1	2	3	4	5
(21) Go mb'fhearr leat grá Dé ná aon rud eile.	1	2	3	4	5
(22) Gan géilleadh d'fhearg.	1	2	3	4	5
(34) Gan a bheith mórtasach.	1	2	3	4	5
(35) Gan tóir a bheith agat ar fhíon.	1	2	3	4	5
(36) Gan a bheith goiliúil.	1	2	3	4	5
(37) Gan a bheith codlatach.	1	2	3	4	5
(38) Gan a bheith leisciúil.	1	2	3	4	5
(39) Gan a bheith i do bhanranaí.	1	2	3	4	5
(53) Gan grá a bheith agat don chaint.	1	2	3	4	5
(54) Gan focail gan bhrí, agus rudaí a chuirfeadh daoine ag gáire, a úsáid.	1	2	3	4	5
(55) Gan grá a bheith agat do gháire spleodrach.	1	2	3	4	5
(56) Éisteacht go fonnmhar le léitheoireacht naofa.	1	2	3	4	5
(57) Freastail go minic ar do chuid paidreacha.	1	2	3	4	5
(69) Urraim a thabhairt dóibh siúd atá sean.	1	2	3	4	5
(71) Guigh ar son do chuid naimhde i ngrá Dé.	1	2	3	4	5
(72) Síocháin a dhéanamh le coimhlinteoir roimh dheireadh an lae.	1	2	3	4	5
(73) Gan muinín a chailleadh riamh i dtrócaire Dé.	1	2	3	4	5

Aonad **2**

Manachas

Ceacht **2**

An Mhainistir Chistéirseach



ARCHAEOLOGY
time in transition

ITS ABOUT TIME 2

1142 AD *'Tháinig manaigh ón bhFrainc go hÉirinn'*

Na Cistéirsigh
- Bunaíodh an t-ord rialta seo sa Fhrainc sa bhliain 1098.
- Cuspóir an oird: Riail San Beinidict a leanúint chomh docht agus ab fhéidir.
- Thug siad a mbeatha do Dhia ***trí obair, trí phaidir agus trí chleachtas an diantréanais (féinsmacht).***

Cén fáth ar tháinig siad go hÉirinn?
- Thug Malachy, Ard-Easpag Ard Mhacha, cuireadh dóibh.
- Bhí gá le hathleasú san Eaglais in Éirinn.
- Theastaigh ó na Cistéirsigh mainistreacha nua a bhunú ar fud na hEorpa.

Na mainistreacha Cistéirseacha nua:
- Tógadh iad de chloch. Tógadh iad ar scála a bhí i bhfad níos mó ná aon rud a tógadh in Éirinn roimhe sin.
- Bhí siad suite, de ghnáth, in áiteanna iargúlta; ní raibh siad in aice le lonnaíochtaí.



- Bhí leagan amach foirmiúil orthu; bhí clabhstra oscailte i lár na mainistreach, rud nach raibh sna mainistreacha luatha in Éirinn.
- Bhí an séipéal, an foirgneamh ba thábhachtaí, ar an taobh ó thuaidh.
- Bhí na foirgnimh eile (an teach caibidle, na suanliosanna, an proinnteach agus araile) suite thart ar na trí thaobh eile den chlabhstra.
- Ba é an teach caibidle an dara fhoirgneamh ba thábhachtaí sa mhainistir.
- Thóg oird rialta eile mainistreacha ar leagan amach an chlabhstra freisin.

Nuair a tháinig na Cistéirsigh go hÉirinn ar dtús, thóg siad a gcuid foirgneamh sa stíl Rómhánúil, m.sh. an Lavabo seo ag an Mainistir Mhór. Sa 13ú haois, thosaigh siad á dtógáil sa stíl Ghotach.

D'ith na manaigh a gcuid béilí sa phroinnteach ar an taobh ó dheas den mhainistir. Bhí an bia simplí.
- D'ith siad le chéile agus faoi chiúnas.
- D'éist siad leis an scrioptúr i rith na mbéilí.
- Bia feoilséantach a bhí acu de ghnáth.
- Iasc a bhí acu ar an Aoine.
- Bhí na cistiní lámh leis an bproinnteach.
- Bhí báisíní níocháin nó Lavabo lámh leis an bproinnteach.

'Ní bhíonn mórán bia againn, tá ár gcuid éadaí garbh; ólaimid uisce an tsrutháin agus go minic, codlaímid ar leabhair. Bíonn mata crua againn faoinár ngéaga tuirseacha. Agus muid inár gcodladh go sámh, bíonn orainn éirí nuair a bhuaileann an clog. Níl tábhacht leis an bhFéin, ní ceart díomhaointeas ná drabhlás'.

Aelred Rievaulx

Bhunaigh na Cistéirsigh 650 mainistir ar fud na hEorpa idir 1150 agus 1250. Tógadh 35 mainistir in Éirinn faoin mbliain 1230.

Bhí an-bhaint ag na bráithre tuata le rath na gCistéirseach – b'fhoireann oibre mór, umhal, neamhíoctha iad.

Tháinig meath ar an Ord Cistéirseach in Éirinn ón 14ú haois ar aghaidh.
- Tháinig laghdú ar líon na bhfear a bhí ag dul isteach sna Cistéirsigh mar mhanaigh agus mar bhráithre tuata.
- An Phlá Mhór.
- Cúlú eacnamaíochta agus trioblóidí polaitiúla sa 14ú haois in Éirinn.
- Díscaoileadh na Mainistreacha – Anraí VIII – 15ú haois.

Mainistreacha Cistéirseacha in Éirinn faoi láthair
- Cnoc Mheilearaí
- Ros Cré
- Bóltan
- An Mhainistir Mhór

Taobh istigh de shéipéal

Teach Caibidle

Proinnteach



Clabhstra

Aonad 3

Oilithreacht

Ceacht 1

Turas Adhartha



ARCHAEOLOGY
time in transition

ITS ABOUT TIME 2

(Tá na déantúsáin seo a leanas le feiceáil in Ard-Mhúsaem na hÉireann)

Scrín Fhiacail Phádraig

- Rinneadh í sa 12ú haois A.D.
- Athraíodh go mór í sna 1370idí – cuireadh cruth sparáin uirthi.
- Is saothar casta í – tá codanna saothar eile inti.
- Go luath sa 19ú haois, úsáideadh í mar leigheas d'ainmhithe breoite.

Cumhdach Creasa Mhaigh Locha

- Rinneadh é san 8ú haois A.D.
- Fuarthas é i bportach ag Maigh Locha, Co. Shligigh.
- Sraith de cheithre phláta miotail ar insí is ea é. Cumhdaíonn na plátaí blúirí de chrios leathair.
- Luann Beathaí Naomh luatha na hÉireann criosanna a raibh cumhachtaí míorúilteacha ag baint leo; leigheasfadh siad duine breoite nó d'aithneodh siad an fhírinne dá gcuirfí thart ar choim iad.

Scrín Phádraig

- Rinneadh í thart ar 1100 A.D. mar chumhdach ar Chloígín Phádraig (5ú haois A.D.)
- Is bosca í ar a bhfuil taobhanna claonta. Rinneadh an bosca de phlátaí cré-umha.
- Clúdaíonn caipín leathchiorclach cluas an chloigín.
- Clúdaíonn plátaí airgid óraithe teilgthe an bosca. Tá scragall óir ar na plátaí freisin. Tá spásanna ann do sheoda ubhchruthacha agus tá cúpla ceann de na seoda fós le feiceáil ann.

Scrín Lámh Laichtín Naofa

- Tá an scrín seo i bhfoirm rí láimhe (ón uillinn go caol na láimhe). Tá inscríbhinn uirthi a chuireann ar ár gcumas dáta idir 1118 A.D. agus 1121 A.D. a chur uirthi.
- Tá sí déanta as plátaí cré-umha, iontlaise le hairgead. Tá an lár déanta as adhmad toll.
- Tá baint aici leis an láthair mainistreach ársa in Achadh Bolg, i lár Chorcaí.

Dhá Scrín i gcruth Tuama

- Rinneadh iad ag deireadh an 8ú haois nó go luath sa 9ú haois A.D.
- Tháinig iascaire orthu i Loch Éirne, Co. Fhear Manach.
- Fuarthas an scrín bheag shimplí taobh istigh den cheann mór.
- Is dócha go raibh na taisí sa scrín bheag.

	Is gníomh adhartha í **oilithreacht**. Bhí nós na hoilithreachta ag daoine leis na mílte bliain anuas – is deasghnáth ársa í. Tá an nós céanna ag na reiligiúin mhóra uile agus tá sé á chleachtadh go fóill. Seo iad príomhghnéithe na hoilithreachta: • Taisteal • Paidir • Áit bheannaithe / rudaí beannaithe • Bia • Lóistín • Cuimhneacháin
Téann Críostaithe ar oilithreacht ar mhórán fáthanna, ina measc: • turas spioradálta; is cuid thábhachtach den saol spioradálta í an oilithreacht. Dar le Críostaithe, is turas í an bheatha, go dtagaimid ó Dhia agus go bhfillimid ar Dhia. • chun buíochas a ghabháil le Dia. • mar aithrí. • leigheas míorúilteach – á lorg/ag gabháil buíochais. • chun Dia a adhradh.	Is ionaid oilithreachta in Éirinn iad: • Cnoc Mhuire • Cruach Phádraig • Loch Dearg • Áiteanna bheannaithe m.sh. tobair bheannaithe Is ionaid oilithreachta thar lear iad: • Lourdes • Medjugorje • An Róimh
	Na háiteanna ba mhó tóir mar ionaid oilithreachta sna meánaoiseanna san Eoraip: • Áiteanna inar cuireadh naomh m.sh. An Róimh, Santiago de Compostella • Áiteanna ina raibh taisí naofa m.sh. Ard-Eaglais Canterbury, Sasana
	Cúrsaí Taistil **Thaisteal siad** • Ar bháid - sheol oilithrigh ón mBreatain agus ó Éirinn go mór-roinn na hEorpa • Ar chapaill – bhí capaill ag oilithrigh shaibhre • De shiúl na gcos – shiúil an-chuid oilithreach • Forbraíodh bealaí oilithrigh.
	Ba chuid thábhachtach den oilithreacht iad cuimhneacháin. Bhí an-tóir ag oilithrigh na méanaoiseanna ar shuaitheantais luaidhe nó péatair, a thaispeáin go raibh siad tar éis cuairt a thabhairt ar láthair oilithreachta áirithe. Bhí an-tóir freisin ar ampullae, fleasc beag bídeach ar a raibh dhá chluas, d'uisce nó d'ola naofa. Ba é sliogán an mhuirín (pecten maximus) an suaitheantas oilithrigh b'iomráití. Thaispeáin sé seo go raibh cuairt tugtha ag an oilithreach ar scrín San Séamas in Santiago. Ba mhinic a cuireadh an sliogán le hoilithreach tar éis a b(h)áis.

Aonad **3**

Oilithreacht

Ceacht **2**

Ó Thuaim go Santiago

ARCHAEOLOGY
time in transition

ITS ABOUT TIME 2

Cá bhfios dúinn gur oilithreach meánaoiseach é an fear seo? Déan cur síos ar a bhfuil á chaitheamh aige. Cén bhaint atá ag a éide le hoilithreacht?



Chosain an hata leathanduilleach an t-oilithreach ón ngrian. Chaith oilithrigh a suaitheantais cuimhneacháin ar an hata freisin.

Chaith an t-oilithreach brat gairid nó maintlín ar a ghuaillí. Chaith oilithrigh a suaitheantais cuimhneacháin ar an mbrat seo freisin.

D'iompair an t-oilithreach trostán láidir adhmaid leis, ar a raibh soc miotail de ghnáth. Thug an trostán tacaíocht don oilithreach agus é ag siúl na gcéadta ciliméadar, ach ba mhór an chabhair é freisin in aghaidh mac tíre nó ionsaitheoirí daonna.

Ba sparán bog é an scriopa a bhí ceangailte le coim an oilithrigh. Bhí sé déanta de leathar de ghnáth. Choimeád an t-oilithreach a chuid airgid, bia, doiciméad agus araile ann.

Ba chuid d'éide an oilithrigh é an léine fhada (sclavein).

Oilithreach Meánaoiseach

Aonad 4

Comóradh agus Cuimhneacháin

Ceacht 1

Ócáid Chomórtha



ARCHAEOLOGY
time in transition

ITS ABOUT TIME 2


cuimhnigh

Seanghrianghraf Scoile

Greamaigh an ghrianghraf anseo.
Cuir ceisteanna breise orthu más gá.

1. Cathain a tógadh an ghrianghraf seo?

_____

2. Dean cur síos ar na héadaí ata á gcaitheamh acu – stíl & data.

_____

3. Cén aois a bhí ag na daltaí?

_____

4. Déan cur síos ar na stíleanna gruaige a bhí acu.

_____

5. Cad é cóimheas buachaillí le cailíní?

_____

6. An cuimhneachán cuí í an ghrianghraf seo ar an rang?

_____

7. Ar mhaith leat go ndéanfaí comóradh ar do rangsa ar an mbealach seo?

_____

Cuimhne an cumas atá ionainn cuimhneamh ar rudaí

- Úsáideann gach gníomhaíocht daonna, nach mór, cuimhne
- Bheadh an-deacrachtaí againn maireachtáil gan cuimhne a fheidhmíonn go maith

Cuimhne ghearrthéarmach
Glactar le heolas gearrthéarmach, m.sh. uimhir theileafóin, agus coimeádtar é ar feadh cúpla soicind.

Cuimhne fhadtéarmach
Is í an chuimhne fhadtéarmach cuspóir ár gcuid foghlama. Ní aistríonn eolas go dtí an chuimhne fhadtéarmach go huathoibríoch i gcónaí – uaireanta is gá cabhrú leis an bpróiseas.

Leideanna Cuimhne





Comóradh–*'tagaimid le chéile chun cuimhnimh'*

- Comóradh scoile
- Comóradh i measc an phobail
- Laochra áitiúla nach maireann / daoine stairiúla / reiligiúnacha cáiliúla agus araile

Tugann na hinscríbhinní ar chlocha cinn daoine chun cuimhne

- Ainm, dáta breithe, dáta báis, seoladh
- Inscríbhinn – an sórt cló, modh
- Feart-laoi – ainm, aois, áit agus araile
- Siombailí reiligiúnacha

Aonad **4**

Comóradh agus Cuimhneacháin

Ceacht **2**

Nósanna Adhlactha le 10,000 bliain anuas

ARCHAEOLOGY
time in transition

ITS ABOUT TIME 2

Séadchomhartha	Cur síos
	An Tréimhse Mhéisiliteach **8,000 R.C. - 4,000 R.C.** • Adhlacadh poill simplí • Créamadh • Earraí uaighe: tua cloiche snasta, uirlisí breochloiche agus seirte • Seans go raibh cuimhneachán adhmaid ann • Sampla amháin go dtí seo: Caisleán Uí Chonaill, Luimneach
	**An Tréimhse Neoiliteach** **4,000 R.C. - 2,000 R.C.** • Tuamaí meigiliteacha • Ceithre phríomhshórt: tuamaí pasáiste, tuamaí ursanacha, tuamaí cúirte agus tuamaí dingneacha • Créamadh agus cur i dtalamh • Earraí uaighe: tua cloiche snasta, seodra, potaireacht, uirlisí agus reanna saighde cloiche
	An Chré-umhaois/An Iarannaois **2,000 R.C. - 300 A.D.** • Adhlacadh sa talamh • Poll san ithir; líneáilte le clocha (adhlacadh ciste) • Clúdaithe le hithir (tulach / feart) • Clúdaithe le clocha (carn) • Créamadh agus cur i dtalamh • Earraí uaighe: ornáidí, potaireacht, uirlisí
	Adhlacadh Luath-Chríostaí **400 A.D. - 1700 A.D.** • Adhlacadh poill – éadomhain, dronuilleogach • Treoshuite thoir-thiar – cloigeann siar • Níor cuireadh earraí uaighe ná comharthaí uaighe leis • Cuireadh an corp i dtalamh choisricthe
	Adhlacadh Críostaí 1700 – tús an 20ú céad • San 18ú céad, tosaíodh ar láithreacha uaighe ar leith a chur in áirithe do chlanna ar leith i reilig • Gar don taobh ó dheas den séipéal / láthair an tséipéil

Téama 1

ITS ABOUT TIME 2

Adhradh & Comóradh

Comhshaol, Oidhreacht agus Rialtas Áitiúil
Environment, Heritage and Local Government

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Limerick Education Centre